C/2025/4200

20.8.2025

Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Ionchur i gClár Oibre 2026 an Choimisiúin Eorpaigh

(C/2025/4200)

Rapóirtéirí: **Christa SCHWENG (Grúpa I)**
Maria del Carmen BARRERA CHAMORRO (Grúpa II)
Krzysztof Stanisław BALON (Grúpa III)

Comhairleoirí	Jukka AHTELA (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa I) Ioannis GRIGORIADIS (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa II) Piotr SADOWSKI (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa III)
Bunús dlí	Riail 52(4) de na Rialacha Nós Imeachta
Dáta a ghlactha sa seisiún iomlánach	19.6.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	597
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	156/4/8

1. Réamhrá

1.1. Leis an rún seo, ina cháil mar ghuth institiúideach shochaí shibhialta eagraithe na hEorpa, rannchuidíonn CESE le clár oibre 2026 an Choimisiúin Eorpaigh a mhúnlú. Ní mór don Aontas an daonlathas, cearta an duine, an inbhuanaitheacht, an comhionannas agus an ceartas sóisialta a chur ina chroílár. Is cuid thábhachtach de bhonneagar athléimneacht na sochaí iad na comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta agus an earnáil dheonach agus ní mór iad a aithint, iad a chosaint agus ról fóinteach a thabhairt dóibh i gcúrsaí fadbhreathnaitheachta, ullmhachta agus téarnaimh le linn na ngéarchéimeanna uile.

1.2. Chun an ról ceannaireachta domhanda atá aige a choinneáil i ndomhan atá ag síorathrú, ní mór don Aontas cur chuige nua a ghlacadh i leith an iomaíochais ina gcuirtear an beartas tionsclaíoch, an uaillmhian aeráide agus an straitéis gheopholaitiúil san áireamh. Chuige sin, ní mór béim láidir a leagan ar an infheistíocht, an nuálaíocht a chothú agus an comhtháthú sóisialta a chur chun cinn. Ní mór a áirithiú san am céanna go mbeidh an fás eacnamaíoch inbhuanaithe, sóisialta, cuimsitheach agus athléimneach. Ní mór an t-iomaíochas agus an fás eacnamaíoch a bheith fite fuaite leis an gcuimsiú sóisialta.

1.3. Le go mbeidh beartas tionsclaíoch athléimneach, ní mór dó tús áite a thabhairt don nuálaíocht, don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus d'Aontas na Scileanna, agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus poist ardcháilíochta a chur chun cinn san am céanna. Ní mór tacú leis an ngeilleagar dlúthpháirtíochta sóisialta mar spreagadh don chothromas agus don chomhtháthú. Ós rud é gur tábhachtaí anois ná riamh an ullmhacht cosanta sa timpeallacht slándála nua, ní mór í a bheith ina tosaíocht choiteann agus a bheith bunaithe i gcónaí ar chearta, ar thrédhearcacht agus ar an smacht reachta.

1.4. I gcomhthéacs ord geopholaitiúil nua inar gnách an rud é dúshláin agus géarchéimeanna, rud a bhaineann an bonn den Eoraip, dá luachanna agus dá saoránaigh, agus a chuireann na nithe sin i mbaol, iarrann CESE ar an Aontas díriú ar ullmhacht shibhialta, shochaíoch agus mhíleata agus cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil gá le comhtháthú sóisialta agus cultúr athléimneachta ar gach leibhéal den tsochaí.

1.5. Bhí tionchar ag na géarchéimeanna iomadúla ar cháilíocht saoil roinnt mhaith Eorpach. Ní mór dúinn muinín a chothú an athuair i bhfeidhmiú ár sochaithe atá bunaithe ar luachanna Eorpacha, inár ngeilleagair agus in áit na hEorpa sa domhan trína chur ar chumas mhuintir na hEorpa coinneáil suas le forbairtí gasta sochaíocha agus trína chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Ó thaobh iomaíochas agus rathúnas na hEorpa de, beidh sé ríthábhachtach go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar oideachas agus ar oiliúint chun na scileanna a bheidh de dhíth do mhargaí saothair atá ag síorathrú a shealbhú.

1.6. Ní mór infheistíocht in earnálacha an taighde, na forbartha, na scileanna agus na straitéisí a chur i gcroílár an bheartais thionsclaíoch sin chun athléimneacht thionsclaíoch agus fás eacnamaíoch fadtéarmach a áirithiú, sin agus poist ardcháilíochta. Trí dhíriú ar theicneolaíochtaí, cuir i gcás intleacht shaorga dhuinelárnach agus fuinneamh in-athnuaite, is féidir leis an Aontas buntáiste iomaíoch a choinneáil i dtionscail ardluacha.

1.7. Chun múnla sóisialta iomaíoch na hEorpa a choinneáil ar bun, tá gá le hinfheistíochtaí dea-shainithe sna seirbhísí poiblí agus sa chosaint shóisialta mar aon le Straitéis uaillmhianach i gcoinne na Bochtaineachta. Leagann CESE béim ar an idirspleáchas idir an bia, an uisce, an dúlra agus an aeráid, agus iarrann sé go mbeadh Straitéis Athléimneachta maidir le hUisce atá cearta-bhunaithe mar phríomhcholún den Chomhaontú Gorm don Eoraip.

1.8. Ní mór don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta go hidirnáisiúnta ó thaobh síocháin a dhéanamh agus ní mór dul i dteagmháil le comhpháirtithe nua. San Eoraip, más uainn beart a dhéanamh le chéile, is gá infheistíocht a dhéanamh san idirphlé sibhialta agus sóisialta, sa rannpháirtíocht dhaonlathach agus sna glúnta atá le teacht.

2. **Plean nua do rathúnas inbhuanaithe agus iomaíochas na hEorpa**

Seo thíos na moltaí/na hiarrataí atá á ndéanamh ag CESE:

Beartas Tionsclaíoch

2.1. Ba cheart an margadh inmheánach a bhogadh níos faide ó bheartais thionsclaíocha náisiúnta ilroinnte agus níos mó i dtreo cur chuige Eorpach níos uaillmhianaí agus níos comhordaithe lena ndéantar beartais rialála, chánach agus trádála a ailíniú chun iomaíochas domhanda agus poist ardcháilíochta a fheabhsú.

2.2. Ní foláir na nithe seo a leanas a dhéanamh: treochláir teicneolaíochta a dhearadh le haghaidh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn; na rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí a laghdú trí threoirthionscadail agus comhghnóthais; prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a ghlacadh chun an spleáchas seachtrach a laghdú; agus cur le héifeacht na tacaíochta airgeadais lena n-áirítear leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas atá ar na bacáin.

2.3. Ba chóir beartas uisce tionsclaíoch trasearnálach de chuid an Aontais a chur chun feidhme ar féidir é a chur in oiriúint níos faide anonn d'earnálacha éagsúla, rud a chomhlánóidh an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Ina leith sin, ba cheart don Aontas féachaint ar an leas is féidir a bhaint as ceallraí sóidiam-ian, rud a d'fhéadfadh leictriú agus athléimneacht uisce a fheabhsú ag an am céanna.

Iomaíochas

2.4. Ba cheart leanúint leis an gclár simpliúcháin, agus ar an gcaoi sin cur le hiomaíochas na gcuideachtaí Eorpacha. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghnólachtaí a bhfuil stádas margaidh straitéiseach acu. Mar sin féin, cé gur féidir le simpliú rialála feabhas a chur ar an éifeachtúlacht agus ar an táirgiúlacht agus go mbeidh sé níos fusa leas a bhaint as acmhainneacht an Mhargaidh Aonair mar gheall air, níor cheart caighdeáin riachtanacha shóisialta, chomhshaoil ná saothair a lagú mar thoradh air ós rud é go gcuireann na gnéithe sin cothromaíocht ar fáil lena dtacaítear le gnólachtaí, lena gcosnaítear oibrithe agus lena bhfreastalaítear ar leasanna níos leithne na sochaí.

2.5. Cé gur príomhsprioc straitéiseach do rathúnas fadtéarmach an Aontais é an t-iomaíochas, tá sé ríthábhachtach go gcothóidh sé an ghné shóisialta i gcónaí. Is mór is tábhachtach an t-iomaíochas agus an táirgiúlacht do phoist ardcháilíochta, do dhálaí maithe oibre, don idirphlé sóisialta agus don chómhargáil. Má tá oibrithe rannpháirteach sa rialachas corparáideach, féadfar borradh a chur faoin táirgiúlacht agus tacú leis an athléimneacht.

2.6. Ba cheart na rialacha iomaíochta a oiriúnú chun cothromaíocht a bhaint amach idir éifeachtúlacht an mhargaidh agus athléimneacht agus nuálaíocht thionsclaíoch, fás eacnamaíoch, iomaíochas tionsclaíoch agus chun samhail gheilleagar sóisialta margaidh an Aontais a chaomhnú.

2.7. Ba cheart a áirithiú go gcumasóidh rialacha iomaíochta an Aontais infheistíocht san aistriú glas agus san aistriú digiteach agus go gcuirfidh siad seirbhísí leasa ghinearálta chun cinn. Ba cheart dóibh san am céanna dul i ngleic le comhchruinniú margaidh agus mí-úsáid ceannasachta chun fiontair, oibrithe, tomhaltóirí agus na daoine is leochailí a chosaint.

An t-aistriú glas agus dícharbónú

2.8. Ba cheart don Aontas a dhícheall a dhéanamh neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach in earnálacha criticiúla tionscail amhail an tionscal sláinte, tionscal na gceimiceán agus an tionscal cógaisíochta agus treochlár comhtháite a fhorbairt lena gcumhdófar a slabhraí soláthair ina n-iomláine.

2.9. Tá gá le bearta beartais lena n-aistrítear na tairbhí costais a bhaineann le leictreachas glan chuig tionscail dianfhuinnimh.

2.10. Ba cheart a áirithiú go gcloisfear guth na sochaí sibhialta tríd an ról atá aici in Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh agus an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach á ullmhú.

2.11. An margadh leictreachais a athchóiriú sa chaoi go gcomhlíonfaidh sé ní hamháin cuspóir na haeráidneodrachta faoi 2050 ar a dhéanaí, ach na cuspóirí a bhaineann le slándáil an tsoláthair agus praghsanna cobhsaí inacmhainne freisin, agus aird ar leith á tabhairt ar rochtain ar fhuinneamh do dhaoine atá ag maireachtáil go leochaileach.

2.12. Ba cheart a áirithiú go gcothóidh an Margadh Aonair comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch aníos, agus caighdeáin chomhshaoil SDGanna na Náisiún Aontaithe á gcomhlíonadh san am céanna.

Taighde, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

2.13. Ba cheart córas aontaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí laistigh den Limistéar Eorpach Taighde, dálaí oibre agus deiseanna gairme cuibhiúla a áirithiú sa chóras taighde agus nuálaíochta, go háirithe do thaighdeoirí óga, agus an deis a thabhairt do thaighdeoirí ó thríú tíortha oibriú agus gluaiseacht faoi shaoirse laistigh den Aontas.

2.14. Ba cheart beartas iomaíochais a dhaingniú san infheistíocht fhadtéarmach agus sa nuálaíocht. Ar an gcaoi sin, féadfar tacú le claochlú tionsclaíoch inbhuanaithe, leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

2.15. Ba cheart a áirithiú go nglacfar cur chuige duinelárnach i dtaca leis an digiteáil agus an intleacht shaorga agus nach mbeidh fostaíocht fhorbhásach mar thoradh orthu. Ba cheart a áirithiú freisin go mbeidh na córais algartamacha a úsáidtear i bpróisis fostaíochta agus i gcaidreamh saothair trédhearcach, cothrom agus go bpléifear iad faoi chuimsiú an idirphlé shóisialta agus na cómhargála, agus go gcuirfear prionsabal an duine i gceannas i bhfeidhm go héifeachtach agus reachtaíocht intleachta saorga á cur chun feidhme.

2.16. Ba cheart infheistíocht a dhéanamh san athsciliú agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, rud atá ríthábhachtach chun a áirithiú gur féidir le hoibrithe rochtain a fháil ar phoist a bheidh ann amach anseo mar thoradh ar an athrú teicneolaíoch.

2.17. Ba cheart rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta a chur chun cinn agus cláir oibre taighde an Aontais á múnlú.

Beartas Eacnamaíoch agus Comhtháthú

2.18. Ní foláir cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a áirithiú trí bhíthin creat fioscach meántéarmach inchreidte d'fhonn athléimneacht eacnamaíoch agus shistéamach a áirithiú.

2.19. Is gá ciste infheistíochta de chuid an Aontais a bhunú arb é is aidhm dó acmhainní airgeadais a chur ar fáil do thionscadail infheistíochta a bhfuil leas straitéiseach Eorpach ag baint leo, arna maoiniú le meascán d'acmhainní, lena n-áirítear le ranníocaíochtaí ó na Ballstáit agus acmhainní dílse nua.

2.20. Chun an bhearna infheistíochta leis na Stáit Aontaithe agus le móriomaitheoirí eile a dhúnadh, ní mór na coinníollacha maidir le caipiteal fiontair a chur i bhfeidhm, go háirithe chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus chun gnólachtaí agus cuideachtaí a mhéadú.

2.21. Ní mór feabhas a chur ar na creatchoinníollacha le haghaidh infheistíochtaí príobháideacha sa Mhargadh Aonair. Áirítear leis sin gnéithe lárnacha d'Aontas na Margaí Caipitil/Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a chur chun feidhme agus an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Ba cheart cur chun cinn an chóineasaithe maoirseachta agus neartú ról na nÚdarás Maoirseachta Eorpach a bheith ina ghné lárnach den chlár oibre.

2.22. Ba cheart é a bheith de thoradh ar na rialacha cánach a shimpliú go spreagfaí an nós faisnéis chostéifeachtúil a thabhairt, rud a chuirfeadh feabhas ar úsáid agus malartú faisnéise idir na húdaráis chánach. Níor cheart dliteanais chánach a athrú go míchothrom nó go neamhbheartaithe ná go gcruthófaí deiseanna imghabhála cánach nó go dtarlódh iomaíocht dhíobhálach cánach mar thoradh ar an méid sin. Ba cheart measúnú tionchair a dhéanamh ar gach togra chun measúnú ceart a dhéanamh ar na himpleachtaí nithiúla a bheadh ann do cháiníocóirí agus do na húdaráis chánach mar gheall ar thionscnaimh reachtacha nua.

2.23. Is gá na réitigh is éifeachtaí d'oileáin an Aontais a shainaithint agus straitéis iomlánaíoch a chur i láthair do na hoileáin a théann i ngleic le saincheist an oileánachais.

2.24. Ba cheart an tsochaí shibhialta a áireamh ar bhealach níos gníomhaí i gclár oibre Chathracha an Aontais agus aird a thabhairt ar shaincheist na tithíochta inacmhainne agus ar an mbaint atá aici leis an mbeartas comhtháthaithe.

Beartas Sóisialta

2.25. Ba cheart a áirithiú go mbeidh cóir chomhionann agus soghluaisteacht chothrom oibrithe ina mbunchlocha den bheartas, agus go bhforfheidhmeofar an dlí go héifeachtach i gcoinne mí-úsáidí.

2.26. Ní mór pacáiste beartais cuimsitheach um aistriú cóir ón gCoimisiún Eorpach a fhorbairt, a bheidh dírithe ar an tionchar ar oibrithe agus ar ról lárnach a áirithiú don idirphlé sóisialta. Má úsáidtear airgead poiblí chun pleananna na ngnólachtaí don aistriú a dhreasú, ba cheart coinníollachtaí sóisialta a chur san áireamh. Ba cheart cláir uas-scilithe agus athscilithe a bhunú agus béim a leagan ar na hearnálacha is mó a ndéanann an dá aistriú difear dóibh, cuir i gcás earnáil na turasóireachta agus an iompair.

2.27. Ba cheart athrú struchtúrach a bhainistiú ar bhealach atá cothrom ó thaobh na sochaí de, trí chreataí rialachais cuimsitheacha lena dtugtar tús áite don rannpháirtíocht, don idirphlé sóisialta agus sibhialta agus don chómhargáil.

2.28. Ba cheart Faireachlann um Aistriú Cóir a bhunú, a bheidh freagrach as taighde agus bailiú sonraí, a mbeidh baint ag an tsochaí shibhialta eagraithe léi ag gach céim den aistriú.

2.29. Ba cheart tionscnamh a chur ar bun maidir leis an teilea-obair agus an ceart chun dícheangail.

3. **Ré nua don Chosaint agus don tSlándáil Eorpach**

Seo thíos na moltaí/na hiarrataí atá á ndéanamh ag CESE:

3.1. Ba cheart comhbheartas cosanta a thabhairt isteach agus cosaint chuimsitheach Eorpach a chur ar bun, ós rud é go bhfuil uathriail straitéiseach agus ullmhacht cosanta ríthábhachtach sa timpeallacht slándála nua. Tá tuilleadh soláthar comhoibríoch agus infheistíochta riachtanach do thionscal cosanta an Aontais, gan an bonn a bhaint go míchuí d'infheistíochtaí sóisialta. Ní mór, freisin, coinníollachtaí sóisialta a chur san áireamh san am céanna, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gcómhargáil.

3.2. Ní mór feachtas cumarsáide poiblí uile-Aontais a thosú chun feasacht agus tacaíocht a mhúscailt i measc phobal na hEorpa maidir lena riachtanaí atá sé síocháin, slándáil, rathúnas agus luachanna na hEorpa a chosaint, agus maidir le rannchuidiú ríthábhachtach bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB) ina leith sin. Dar le CESE, tá muinín an phobail as acmhainneacht chosanta an Aontais ag brath freisin ar an dearcadh go n-áirítear leis an tslándáil cosaint na gceart bunúsach agus rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha.

3.3. Ba cheart an taidhleoireacht aeráide a neartú agus aird ar leith á tabhairt ar Líonra Taidhleoireachta Aeráide na Sochaí Sibhialta a bhunú. Caithfear na Grúpaí Comhairleacha Baile a threisiú freisin.

3.4. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an imirce arb í an aeráid is cúis léi.

3.5. B'fhiú aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide amhail is gur bagairt slándála domhanda é tríd an tslándáil aeráide a chomhtháthú i straitéisí cosanta. D'fhéadfaí an méid sin a dhéanamh trí bonneagar a fhorbairt atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, trí bhíthin bainistiú inbhuanaithe acmhainní agus trí theicneolaíochtaí nua a ghiaráil trí thacaíocht airgeadais a áirithiú don mhaolú ar an athrú aeráide agus don oiriúnú don athrú aeráide.

3.6. Ba cheart ról a thabhairt don tsochaí shibhialta agus don earnáil phríobháideach mar phríomh-chomhpháirtithe maidir le hathléimneacht aeráide agus uisce a chur chun cinn.

3.7. Ba cheart a áirithiú go dtacóidh beartais uile an Aontais, lena n-áirítear tionsclaíocht, fuinneamh, talmhaíocht agus ullmhacht i gcoitinne ar fud na n-earnálacha uile, le hathléimneacht uisce agus go dtabharfar slándáil fuinnimh agus slándáil bia i gcomhréir le cuspóirí aeráide.

4. **Tacú le daoine agus an tsochaí agus an múnla sóisialta a neartú**

Seo thíos na moltaí/na hiarrataí atá á ndéanamh ag CESE:

4.1. Ba cheart straitéis i gcoinne na bochtaineachta a chur chun feidhme arb é is aidhm di deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht agus aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht tithíochta, fuinnimh agus soghluaisteachta. Ní mór di an nasc idir an bhochtaineacht leanúnach agus an t-eisiamh daonlathach a aithint go sainráite freisin, lena n-áiritheofar go mbeidh ról ag daoine a bhfuil taithí saoil acu ar an mbochtaineacht i gcomhchruthú beartais agus sa rannpháirtíocht shibhialta agus go mbeidh rochtain ag cách ar acmhainní riachtanacha fuinnimh.

4.2. Ba cheart obair leantach a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta maidir le colún na gceart sóisialta, lena n-áirítear pacáiste beartais éifeachtach chun tacaíocht a chur ar fáil d'oibrithe san aistriú digiteach agus san aistriú glas trí athruithe a thuar agus a bhainistiú, agus an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil mar bhonn leis.

4.3. Ní mór aghaidh cheart a thabhairt ar ghéarchéim an chostais maireachtála le go mbeifear in ann cuid mhaith d'uaillmhianta an Aontais a bhaint amach: aistriú dúbailte cóir a áirithiú; neamhionannais maidir le deiseanna agus torthaí a laghdú; agus rathúnas comhroinnte a áirithiú do gach duine ar fud an Aontais.

4.4. Ba cheart an straitéis um chomhionannas inscne tar éis 2025 a fhorbairt agus é d'aidhm aici deireadh a chur leis an bhforéigean inscnebhunaithe, bearnaí inscne i margadh an tsaothair a dhúnadh, rannpháirtíocht chomhionann a bhaint amach in earnálacha éagsúla den gheilleagar, aghaidh a thabhairt ar bhearnaí pá agus pinsin inscnebhunaithe, an bhearna inscne san obair chúraim a dhúnadh, cothromaíocht inscne a bhaint amach sa chinnteoireacht agus sa pholaitíocht, agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo.

4.5. Ba cheart aitheantas a thabhairt don ról lárnach atá ag an idirphlé sóisialta agus sibhialta dea-fheidhmiúil ar gach leibhéal a mhéid a bhaineann le beartais mhargadh an tsaothair agus beartais shóisialta a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

4.6. Ní mór Clár Oibre Eorpach um Scileanna atá cuimsitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus an treochlár do phoist ardcháilíochta á chur san áireamh agus tús áite á thabhairt don litearthacht dhigiteach, don smaointeoireacht chriticiúil agus do scileanna idirdhisciplíneacha atá riachtanach don rannpháirtíocht dhaonlathach, d'úsáid eiticiúil na teicneolaíochta agus don chinnteoireacht eolasach.

4.7. Ba cheart an Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna a ghlacadh go tapa chun aitheantas frithpháirteach níos tapúla agus níos fusa a thabhairt do scileanna san Aontas.

4.8. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an dúshlán déimeagrafach ar fud na hEorpa agus béim ar leith á leagan ar an dlúthpháirtíocht idirghlúine agus ar athchóirithe a chur chun cinn sna Ballstáit.

4.9. Ba cheart idirphlé sóisialta forfheidhmithe a dhéanamh maidir le córais intleachta saorga a chur in úsáid agus é a chur chun suntais gur cheart cosaint chearta na n-oibrithe a chur san áireamh in aon tionscnamh lena n-oiriúnaítear an dlí atá ann cheana agus a áirithiú go mbeidh smacht ag daoine ar na hidirghníomhaíochtaí uile idir an duine agus an meaisín.

4.10. Ba chóir an Ráthaíocht don Aos Óg agus tionscnamh ALMA a chur chun feidhme go hiomlán, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí.

4.11. Ba cheart tús áite a thabhairt don tsamhail 'Tús Áite don Tithíocht' chun dul i ngleic leis an easpa dídine i measc daoine atá ag obair agus i measc grúpaí leochaileacha.

4.12. Ba chóir Ráthaíocht Eorpach um Chúram a chur chun feidhme, lena n-áirítear cúram leanaí, chun seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim atá inacmhainne, inrochtana agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine san Aontas agus obair chúraim ardcháilíochta a chur ar fáil d'oibrithe san earnáil sin. Ar an gcaoi sin, dúnfar an bhearna idir na hinscní i bhfreagrachtaí cúraim neamhíoctha agus cuirfear tacaíocht ar fáil do mhná fanacht i margadh an tsaothair agus rochtain a bheith acu ar líontán sábhála láidir.

5. **Ár gcáilíocht saoil a chothú: slándáil bia, uisce agus an dúlra**

Seo thíos na moltaí/na hiarrataí atá á ndéanamh ag CESE:

5.1. Ba chóir díriú ar dhreasachtaí agus ar ghealltanais idirnáisiúnta bithéagsúlachta an Aontais a chur chun feidhme go cothrom agus go héifeachtúil roimh an gcéad Chomhdháil eile de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (COP 17), cuir i gcás trí chreidmheasanna bithéagsúlachta a scrúdú agus trína áirithiú go mbeidh na huirlisí airgeadais nua ar fad inbhuanaithe ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de.

5.2. Ba cheart na nithe seo a leanas a áirithiú: dáileadh níos cothroime ar fud an tslabhra bia; cómhalartacht trádála níos láidre, gníomhaíocht maidir le hamhantraíocht, rannpháirtíocht na n-óg, agus inbhuanaitheacht éigeantach sa soláthar.

5.3. Ba cheart a áirithiú go dtacaíonn beartais uile an Aontais, lena n-áirítear an tionsclaíocht, an fuinneamh, an talmhaíocht agus an ullmhacht i gcoitinne ar fud na n-earnálacha uile, leis an athléimneacht uisce, ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir an athléimneacht uisce agus comhionannas sóisialta; mura bhfuil rochtain ag daoine ar uisce glan, leantar den neamhionannas, den eisiamh agus den éagóir chomhshaoil, go háirithe i bpobail imeallaithe agus i bpobail atá thíos le cúrsaí aeráide.

5.4. Cláir athfhoraoisithe a chur chun cinn ar fud na hEorpa.

5.5. Ba cheart an straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce, bunaithe ar cheart an duine chun uisce, a áireamh i gcur chun feidhme na straitéise um Aontas na hullmhachta.

6. **Ár ndaonlathas a chosaint agus ár luachanna a chaomhnú**

Seo thíos na moltaí/na hiarrataí atá á ndéanamh ag CESE:

6.1. Ba chóir aitheantas a thabhairt don tsochaí shibhialta eagraithe agus do na comhpháirtithe sóisialta mar cholúin an daonlathais agus mar phríomhghníomhaithe chun na luachanna Eorpacha, mar atá cearta an duine, an dlúthpháirtíocht agus an smacht reachta, a chaomhnú.

6.2. Ba chóir Straitéis maidir leis an tSochaí Shibhialta a ghlacadh, lena ngabhann plean gníomhaíochta soiléir, chomh maith le bearta cur chun feidhme.

6.3. Ba cheart daonlathas ag an obair a neartú trí bhíthin an idirphlé shóisialta, na cómhargála agus trí chearta faisnéise, comhairliúcháin agus ionadaíochta oibrithe a chur chun feidhme ina n-iomláine. Ba cheart d'institiúidí an Aontais tacaíocht ábhartha a chur ar fáil don idirphlé sóisialta agus don chómhargáil ar gach leibhéal, d'fhonn acmhainneachtaí na gcomhpháirtithe sóisialta a fhorbairt a thuilleadh agus bearta cur chun feidhme cuí a dhéanamh, lena n-áirítear bearta airgeadais, chun cumhdach na cómhargála a mhéadú, go háirithe i dtíortha agus i réigiúin nach mbaintear leas aisti go fóill.

6.4. Ba chóir daoine óga a chumhachtú chun todhchaí níos inbhuanaithe a chothú san Aontas trí spásanna a chur ar fáil dá rannpháirtíocht struchtúrtha.

6.5. Ba cheart don Aontas a dhícheall a dhéanamh chun an bhréagaisnéis agus an mhífhaisnéis a chomhrac, ar rudaí iad a bhféadfadh iarmhairtí díobhálacha a bheith acu dár ndaonlathais agus dár slándáil. D'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach tríd an bplean gníomhaíochta i gcoinne na bréagaisnéise a chur chun feidhme go hiomlán. Ba cheart plean a fhorbairt freisin lena n-áiritheofar go gcuirfear faisnéis ardcháilíochta ar fáil ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, lena gcuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí chun ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac agus a rialú, agus neamhspleáchas agus cumas saor na sochaí sibhialta á gcosaint agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh á cosaint san am céanna.

7. **Eoraip dhomhanda: ár gcumhacht agus ár gcomhpháirtíochtaí a neartú**

Seo thíos na moltaí/na hiarrataí atá á ndéanamh ag CESE:

7.1. Tá comhbheartas cosanta AE atá fite fuaite le fíor-chomhbheartas eachtrach agus slándála lánfheidhme ag teastáil a théann níos faide ná an comhbheartas atá ann faoi láthair.

7.2. Chun uathriail mhór straitéiseach a bhaint amach, tá gá le cur chuige comhordaithe lena nascfar beartas cosanta an Aontais le beartas eachtrach an Aontais, sin agus lena bheartais trádála agus tionsclaíoch, leis an taighde agus an nuálaíocht, le hidir-inoibritheacht iomlán i measc na mBallstát agus le soláthar cosanta comhpháirteach nó comhordaithe. Tá gá le Margadh Aonair le haghaidh táirgí agus seirbhísí cosanta freisin.

7.3. Féadfar athléimneacht na gcomhaontuithe trádála a neartú trí allmhairí a éagsúlú agus deiseanna margaidh a chruthú do chuideachtaí Eorpacha. Chuirfeadh an méid sin feabhas ar an tslándáil, mhaolódh sé na rioscaí geopholaitiúla, agus chuirfeadh sé forfheidhmiú na gcaighdeán sóisialta agus comhshaoil chun cinn san am céanna, rud a d'áiritheodh cothroime iomaíochta domhanda le haghaidh iomaíocht chóir.

7.4. Is gá an tsíocháin, an tslándáil agus an chosaint, an ceartas domhanda agus an dul chun cinn domhanda a chur chun cinn trí chosaint a thabhairt don chóras iltaobhach agus trí pháirt ghníomhach a ghlacadh ann.

7.5. Ba cheart straitéis a chruthú chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht na n-óg san idirphlé sóisialta agus sibhialta i gcomharsanacht an Aontais, lena n-áirítear an Úcráin, an Mholdóiv, na Balcáin Thiar, an tSeoirsia, an Airméin agus réigiún Euromed.

8. **Beart a dhéanamh le chéile agus an tAontas a ullmhú don todhchaí**

Seo thíos na moltaí/na hiarrataí atá á ndéanamh ag CESE:

8.1. Ba cheart leanúint de phróiseas an mhéadaithe a chur i dtreo na síochána, an rathúnais agus an daonlathais agus, ag an am céanna, cobhsaíocht fhadtéarmach a chruthú ar an mór-roinn seo againn le rannpháirtíocht gníomhaithe sóisialta agus sibhialta. Ba cheart baint shuntasach a bheith ag an Úcráin leis sin, ar léiriú ar chosaint luachanna na hEorpa é an athléimneacht dhaonlathach a léiríonn sí agus í faoi ionsaí, an Úcráin mar aon leis an Moldóiv agus na Balcáin Thiar.

8.2. Tá gá le beartas láidir infheistíochta, lena ndíreofar ar na hearnálacha teicneolaíochta is forbartha, ar mhargadh fuinnimh Eorpach a chruthú lena laghdófaí go mór na praghsanna fuinnimh, agus ar chur chun feidhme aistrithe glasa agus digiteacha atá cóir.

8.3. Ba cheart Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha a chur ar bun, lena ndíreofar ar thionscadail tosaíochta Eorpacha a mhaoiniú. Thairis sin, ba cheart do Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034 cur go mór leis na hacmhainní atá curtha i leataobh do thosaíochtaí infheistíochta, agus coinníollacht shóisialta láidir á cur san áireamh.

8.4. Tá gá le measúnú pragmatach chun éifeachtacht iomlán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú.

8.5. Ba cheart cistiú leordhóthanach a chur ar fáil don Aontas Eorpach um an gCosaint, chun imchlúdach airgeadais láidir a áireamh chun an sprioc 80 % de bhuiséid éadála cosanta na hEorpa a infheistiú laistigh den Eoraip faoi 2040 a bhaint amach. Is gá uirlisí nua maoiniúcháin a chur ar bun freisin chun borradh a chur faoin acmhainneacht theicneolaíoch.

8.6. Chomh maith le hinfheistíochtaí a dhéanamh i réimse na cosanta, ní foláir dul i muinín sásraí formhaoirseachta láidre agus tuairisciú trédhearcach d'fhonn cuntasacht a áirithiú agus leasanna dlisteanacha slándála a chosaint san am céanna. Ba cheart baint a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta leis an bhfaireachán a dhéantar ar thionchair shocheacnamaíocha na n-infheistíochtaí cosanta.

8.7. Tá gá le próisis nuálacha maidir leis an idirphlé sibhialta a thagann le leasanna agus le bealaí cumarsáide an aosa óig. Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg agus Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de, is samplaí láidre iad sin de shásraí rannpháirteacha ceaptha beartas a thugann páirt d'ionadaithe na hóige trí bhíthin an chomhairliúcháin, an mheasúnaithe tionchair agus an mhaolaithe, agus a chothaíonn príomhshruthú na hóige ar an leibhéal idirinstitiúideach.

An Bhruiséil, an 19 Meitheamh 2025.

Uachtarán

Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE